Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

An Bhruiséil, 20 Aibreán 2021

CM 2789/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0230(COD)**

CODEC
JEUN
EDUC
EMPL
SOC
SPORT
COHAFA
PROCIV
COMPET
ECOFIN
CADREFIN
PROCED

# TEACHTAIREACHT

## AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | enea.desideri@consilium.europa.eu / codecision.adoption@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | Tel. +32 2 281 7758 |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2018/1475 agus (AE) Uimh. 375/2014<br>– Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>– Toradh an nós imeachta i scríbhinn arna thionscnamh le CM 2697/21 |

I ndáil leis an nós imeachta i scríbhinn ar cuireadh tús leis le CM 2697/21 an 14 Aibreán 2021, cuirtear in iúl do na toscaireachtaí gur tugadh chun críche an 20 Aibreán 2021 é agus gur vótáil na toscaireachtaí go léir ar son an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a ghlacadh i ndáil leis an dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2018/1475 agus (AE) Uimh. 375/2014, mar a leagtar amach in 14153/20 + COR 1 (hu) é, agus an ráiteas ar chúiseanna mar a leagtar amach é in 14153/20 ADD 1.

Sroicheadh an tromlach cáilithe is gá. Dá bhrí sin, glactar an seasamh thuas ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle.

Atáirgtear na ráitis ón Ungáir, ón bPolainn agus ón gCoimisiún san Iarscríbhinn a ghabhann leis an CM seo.

Déanfar na ráitis thuas a áireamh san achoimre ar ghníomhartha arna nglacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn mar ráitis atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle, i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

-------------

**IARSCRÍBHINN**

**Ráiteas ón Ungáir**

Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gconarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Ungáir an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú a córas náisiúnta dlí na hUngáire i gcomhréir le hionstraimí maidir le cearta an duine atá ceangailteach go hidirnáisiúnta, agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, tá an Ungáir ag déanamh léiriú ar choincheap 'na hinscne' i dtéacs an Rialacháin mar thagairt do ghnéas.

**Ráiteas ón bPolainn maidir le 'hinscne' a úsáid agus maidir leis an sásra coinníollachta**

Is éard a thuigeann Poblacht na Polainne le 'comhionannas inscne' tagairt do chomhionannas idir mná agus fir, a bhunaítear in Airteagail 2 agus 3 CAE. Ina theannta sin, is é 'gnéas' a thuigeann Poblacht na Polainne le 'hinscne', i gcomhréir le hAirteagal 10, le hAirteagal 19(1) agus le hAirteagal 157(2) agus (4) CFAE.

Tugann Poblacht na Polainne dá haire go bhfuil an sásra coinníollachta dá dtagraítear in aithris 64 den dréacht-Rialachán ina ábhar caingne atá os comhair CBAE faoi láthair, arna thionscnamh ag Poblacht na Polainne, as an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 7 CAE a dhúbláil, agus dá bhrí sin, as inniúlacht na Comhairle Eorpaí arna bunú san Airteagal sin a shárú.

**Ráiteas ón gCoimisiún Eorpach**

Tugann an Coimisiún Eorpach dá aird an togra ó Pharlaimint na hEorpa machnamh a dhéanamh ar 'líon na ngníomhaithe áitiúla a chuireann i bhfeidhm an t-eolas, na prionsabail agus na bealaí cuir chuige a foghlaimíodh trí na gníomhaíochtaí daonnúla ina raibh an saorálaí agus na saineolaithe páirteach' nuair a fhorlíonann sé an Rialachán le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú.